


Iarthar na Gaillimhe trí thine

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thinte sléibhe i gContae na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- (1) Cén fáth a lastar tinte ag an am seo den bhliain, dar leat?
- (2) Tá iarthar na tíre níos tirime ná mar a bhíonn de ghnáth ag an am seo den bhliain. Cén fáth?
- (3) Cad is féidir le muintir na tíre seo a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide?



Ceist 2

Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. a cheansú
2. ag scaipeadh
3. coillte
4. feirm ghaoithe
5. faoi smacht
6. briogáid dóiteáin
7. an chéad ghlúin eile
8. níos túisce
9. móin
10. portach
11. d'éirigh leo
12. aird

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus ansin déan cur síos don duine in aice leat ar a bhfuil ag tarlú in iarthar na Gaillimhe.

Ceist 4

'...a Shinéad...'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Bain úsáid as na hainmneacha seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an ngné sin den ghramadach a chur in iúl:

Seán
Pádraig
Bríd
Máire

Ceist 5

Féach ar na habairtí seo agus freagair na ceisteanna.

- A. Cuir líne faoin ainm briathartha sa dá abairt thíos.
Cad is brí leis an ainm briathartha i ngach cás?

Tá mé ag ithe ceapaire.
Ní maith liom cabáiste a ithe.

- B. Tá patrún ag baint le roinnt de na haimneacha briathra. An féidir leat an patrún a bhaineann leis na samplaí seo a aithint?

Dún – dún**adh** Athraigh – ath**ú**
Caill – caille**adh** Bainistigh – bainisti**ú**

- C. Líon na bearnaí leis an ainm briathartha den bhriathar atá idir lúibíní. Bí cúramach! Ní leanann siad ar fad an patrún thuas!

1. Caithfidh mé an dinnéar a _____ (réitigh).
2. Nach bhfuil siad ag _____ (ól) an tae?
3. Is breá liom stéig mhór a _____ (ith) gach Aoine.
4. Tá an t-urlár le _____ (scuab) againn.
5. Nach bhfuil Seán ag _____ (déan) na hoibre?
6. Is fuath leis aistí móra a _____ (scríobh).
7. Ní mór dúinn cúpla punt a _____ (saothraigh).
8. Caithfidh tú an freagra ceart a _____ (roghnaigh) ó na cinn atá luaite.
9. Is cinnte go bhfuil sí ag _____ (foghlaim) na mbriathra Fraincise.
10. Tá súil agam gur féidir linn an cluiche seo a _____ (buaigh).

Ceist 6

Féach ar an léarscáil agus breac síos an leagan Gaeilge de na logainmneacha a bhí le cloisteáil sa mhír.



Cad faoi na cinn ar an léarscáil nár luadh sa mhír? Cén Ghaeilge atá orthu sin anois?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. a cheansú – *to control*
2. ag scaipeadh – *spreading*
3. coillte – *woods, forests*
4. feirm ghaoithe – *wind farm*
5. faoi smacht – *under control*
6. briogáid dóiteáin – *fire brigade*
7. an chéad ghlúin eile – *the next generation*
8. níos túsce – *earlier*
9. móin – *turf*
10. portach – *bog*
11. d'éirigh leo – *they succeeded*
12. aird – *attention*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

An Tuiseal Gairmeach san uimhir uatha.

Nuair a bhítear ag caint le duine i nGaeilge, bíonn ainm an duine sin sa tuiseal gairmeach.

Seo thíos cúpla nod chun cuidiú leat an tuiseal gairmeach, uimhir uatha, a úsáid.

- Cuirtear ‘a’ roimh an ainm.
a Sheáin, a Phádraig, a Bhríd, a Mháire,
- Cuirtear séimhiú ar an ainm, más féidir. Ní chuirtear séimhiú ar ghuta.
a Sheáin, a Phádraig, a Bhríd, a Mháire, a Úna.
- Má chríochnaíonn ainmneacha fear le consan leathan, caolaítear iad.
a Sheáin, a Chiaráin, a Chathail.
Is eisceacht iad na hainmneacha atá sa cheathrú díochlaonadh, m.sh. a Liam.
- Ní chaolaítear ainmneacha ban.
a Chláir, a Shinéad, a Eimear

Ceist 5

A.

Tá mé ag ithe ceapaire. (ag ithe = **eating**)

Ní maith liom cabáiste a ithe. (a ithe = **to eat** – *infinitive*)

B.

Tá na briathra ‘dún’ agus ‘cail’ sa chéad réimniú. Cuirtear –(e)adh leo.

Tá ‘athraigh’ agus ‘bainistigh’ sa dara réimniú. Athraítear an deireadh -(a)igh go -(i)ú.

Nóta: Tá na patrúin seo an-choitianta, ach ní leanann gach briathar iad.

C.

1. Caithfidh mé an dinnéar a **réiteach**.
2. Nach bhfuil siad ag **ól** an tae?
3. Is breá liom stéig mhór a **ithe** gach Aoine.
4. Tá an t-urlár le **scuabadh** againn.
5. Nach bhfuil Seán ag **déanamh** na hoibre?

6. Is fuath leis aistí móra a **scríobh**.
7. Ní mór dúinn cúpla punt a **shaothrú**.
8. Caithfidh tú an freagra ceart a **roghnú** ó na cinn atá luaite.
9. Is cinnte go bhfuil sí ag **foghlaim** na mbriathra Fraincise.
10. Tá súil agam gur féidir linn an cluiche seo a **bhuachan**.

Ceist 6

Na cinn a luadh sa mhír:

Oughterard – Uachtar Ard
Moycullen – Maigh Cuilinn
Carraroe – An Cheathrú Rua
Spiddle – An Spidéal
Galway – Contae na Gaillimhe

Na cinn eile:

Mayo – Contae Mhaigh Eo
Roscommon – Contae Ros Comáin
Offaly – Contae Uíbh Fhailí
Tipperary – Contae Thiobraid Árann
Clare – Contae an Chláir

Cong – Conga
Headford – Áth Cinn
Galway City – Cathair na Gaillimhe
Tuam – Tuaim
Ballinasloe – Béal Átha na Sluaighe
Portumna – Port Omna
Gort – An Gort
Kinvarra – Cinn Mhara

Lough Derg – Loch Deirgeirt
River Shannon – An tSionainn
Lough Corrib – Loch Coirib

Inishmore – Árainn
Inismean – Inis Meáin
Inisheer – Inis Oírr

Eimear Ní Chonaola

Tá iarrachtaí ar bun go láidir tráthnóna leis an tine idir ceantar Mhaigh Cuilinn agus Seanadh Phéistín, in iarthar Chontae na Gaillimhe, a cheansú. Tá an ceathrú cuid de na crainn¹ a bhí ag *Coillte* sa gceantar² scriosta ó aréir. Bhuel, liom anois as Seanadh Phéistín, tá ár dtuairisceoir, Sinéad Ní Neachtain.

A Shinéad, brú ollmhór ar na seirbhísí dóiteáin ansin, cén chaoi a bhfuil cúrsaí ansin faoi láthair?

Sinéad Ní Neachtain

Bhuel tá cúrsaí gaibhte³ chun donachta anseo le huair an chloig anuas, mar go bhfuil an ghaoth athraithe, agus an tine ag scaipeadh trasna na gcnoc go dtí an Spidéal. Coill agus feirm ghaoithe is mó atá sa gceantar seo faoi úinéireacht *Coillte*. Agus, ceapadh go raibh an tine seo faoi smacht acu ar maidin ach is cosúil anois nach raibh.

Tá os cionn 4 mhíle heicteár talún faoi chrainn ag *Coillte* sa gceantar seo, ar a dtugtar an Clochbhaile, idir Maigh Cuilinn agus Uachtar Ard i gContae na Gaillimhe. Agus deir *Coillte* go bhfuil ar a laghad ceathrú de seo scriosta ag tinte sléibhe atá ag dó ó inné. Ceapadh ar maidin go raibh sé faoi smacht ach d'athraigh an ghaoth, rud a chuir neart leis an tine. Tá héileacaptair an Aerchóir ag doirteadh na mílte galún uisce anuas ar an gceantar ó mhaidin. Agus lucht briogáid dóiteáin ó chuile chúinne de Chontae na Gaillimhe ar an talamh ag iarraidh an tine a chur faoi smacht. Tá na tinte sléibhe seo cáinte ag Cumann Feirmeoirí Cnoc agus Sléibhe na hÉireann.

Brendan O'Malley, Cumann Feirmeoirí Cnoc agus Sléibhe

Caithfidimid a rá...nach, nach...go bhfuil muid i gcoinne éinne⁴ a thosnódh aon rud, aon tine nó rud mar sin. Tá...éinne... a ghabhfadh amach agus a thosnódh tine in aimsir mar seo, tá siad glan as a mheabhair, ceapaimse féin, agus cinnte go bhfuil muid i gcoinne rud éigin⁵ mar sin, pé scéal é, cibé cé hé an té sin.

Sinéad Ní Neachtain

Ní hamháin go bhfuil damáiste déanta do chrainn agus do thalamh anseo ach tá ainmhithe i mbaol chomh maith.

Aoife Ní Chéidigh, Zó-eolaíocht, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An t-am seo den bhliain, is é an séasúr saothraithe do na hainmhithe, ó Mhárta go hAibreán. So, má tá ainmhithe beaga ann, níl siad in ann éalú ón tine agus faigheann siad bás. Freisin, go hiondúil, fanann na tuismitheoirí leis na hainmhithe óga agus ansin faigheann siadsan bás. Seans gur chaill na hainmhithe an deis *mate-áil*⁶ anois mar gheall ar an scrios ar an nádúr, so beidh éifeacht ansin ar an gcéad ghlúin eile.

Sinéad Ní Neachtain

Bhí bóthar Sheanadh Phéistín dúnta tráthnóna ach beidh sé oscailte anois mar go bhfuil an ghaoth athraithe agus an tine ag dul i dtreo an Spidéil anois.

Bhuel níos tuisce inniu, a Eimear, bhí muintir na háite a bhfuil móin acu ar an bportach anseo á tabhairt abhaile mar go raibh an ceantar portaigh anseo i mbaol. Go gairid tar

¹ na crainnte a deirtear

² Córas Chonnacht

³ gafa an leagan caighdeánach

⁴ aon duine an leagan caighdeánach

⁵ éigin an leagan caighdeánach

⁶ cúpláil an téarma caighdeánach

éis a dó a chlog tarraingíodh lucht dóiteáin na Ceathrún Rua amach as an áit seo agus cuireadh siar ag drochthine thiar i Leitir Mealláin iad, ach d'éirigh leo an tine sin a cheansú agus cuireadh ar ais anseo go Seanadh Phéistín iad, áit a raibh lucht dóiteáin ón gClochán, Gaillimh agus Baile Átha an Rí fós ag iarraidh an tine a cheansú. Dúirt urlabhraí ón Aerchór go mbeidh an héileacaptar anseo go mbeidh sé leathuair tar éis a seacht anocht agus go mbeidh sé ar fáil arís amárach, más gá. Deir *Coillte* go bhfuil na milliúin euro damáiste déanta do chrainn anseo agus gur dóigh go dtógfaidh sé os cionn scór bliain go mbeidh an choill seo ina cheart arís. Ach Eimear, tá aird anocht á díriú ar an treo a bhfuil an tine seo ag dul agus an damáiste a d'fhéadfadh sí a dhéanamh.

Eimear Ní Chonaola

Tá go maith, míle buíochas as an scéal is deireanaí sin a thabhairt chugainn a Shinéad.